Réamhaisnéis na haimsire

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar réamhaisnéis na haimsire ar ball. Sula bhféachann tú uirthi, féach ar na focail seo thíos a bheidh sa mhír. An bhfuil siad ar eolas agat? Pléigh aon fhocal nach bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat.

tréimhsí geala gréine			scaláin
corrmhúr fánach	flichshneachta		sioc
reophointe	leac oighir	gaoth fheannta	
tais	goimh	i gcorrspota	gála

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 2 (A) Líon na bearnaí anois sa léarscáil thíos.



Ceist 2 (B) Freagair na ceisteanna seo:

I. Má tá an ghaoth **ag dul soir**, cén treo ina bhfuil sí ag dul?

_____

II. Má tá an ghaoth **ag teacht aniar**, cén treo as a dtagann sí?

_____

III. Má tá an ghaoth **ag teacht aduaidh**, cén treo as a dtagann sí?

_____

IV. Má tá an ghaoth **ag teacht aneas**, cén treo as a dtagann sí?

_____

V. Má tá an ghaoth **ag dul siar**, cén treo ina bhfuil sí ag dul?

_____

Ceist 3 Féachaigí ar an aimsir láithreach den dara huair agus breac síos an oiread eolais agus is féidir faoi na teidil seo:

Anocht	
Amárach (ginearálta)	
Amárach (i gcúige Uladh)	
Amárach (i gcúige Laighin)	
Amárach (i gcúige Mumhan)	
Amárach (i gcúige Chonnacht)	

Ceist 4 Líon na bearnaí leis an leagan ceart den fhocal atá idir lúibíní:

Bail ó (Dia) _____ oraibh, a (cairde) _____, agus fáilte go scéal (an aimsir) _____ anocht ar TG4. (Cuir) _____ tús le séasúr nua turasóireachta in Árainn le *Tedfest*, bliain in Inis Mór, go gairid, ach idir seo agus sin, cúrsaí aimsire. Agus bhí tréimhsí geala (grian) _____ i scaláin anseo i mBaile na hAbhann, i gConamara inniu ag ceannáras TG4. Bhí sé fuar go maith tráthnóna agus corrmhúr fánach (caith) _____ freisin i rith an lae inniu.

Ach anocht, tá sé geallta fuar, tirim i dtús (an oíche) _____ agus leathfaidh báisteach soir ansin ina (diaidh) _____ sin agus tá flichshneachta agus sneachta geallta ar (talamh) _____ ard anocht. Beidh sé an-fhuar agus sioc crua geallta in áiteacha. Beidh an teocht is (íseal) _____ idir dhá chéim agus céim faoi bhun an reophointe. Paistí leac oighir freisin geallta in áiteacha. Agus, beidh sé gaofar freisin san iarthar anocht agus gaoth (feannta) _____ ag séideadh aniar.

Ceist 5 An aimsir fháistineach

A. Tá an aimsir fháistineach de na briathra seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Féach ar an mír arís agus breac síos na leaganacha a chloiseann tú. Pléigh do fhreagra leis an duine in aice leat.

Cuir: _____
Leath: _____
Bí: _____
Glan: _____

B. Cad iad na deirí a bhaineann leis an aimsir fháistineach?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil aon bhaint ag an drochaimsir atá againn faoi láthair le téadh domhanda, dar leat?
2. An ndearnadh aon damáiste i do cheantar féin de bharr na stoirmeacha?
3. An bhfuil an rialtas ag tabhairt go leor cabhrach dóibh siúd atá thíos le damáiste de bharr na stoirmeacha, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

tréimhsí geala gréine	*sunny spells*
scaláin	*bursts of sunshine*
corrmhúr fánach	*scattered showers*
flichshneachta	*sleet*
sioc	*ice*
reophointe	*freezing point*
leac oighir	*ice*
gaoth fheannta	*severe/biting wind*
tais	*damp*
goimh	*chill factor*
i gcorrspota	*here and there*
gála	*gale*

Ceist 2 A



Ceist 2 (B)

I. Má tá an ghaoth **ag dul soir**, cén treo ina bhfuil sí ag dul?
Tá an ghaoth ag dul i dtreo an oirthir, is é sin tá sí ag teacht aniar.

II. Má tá an ghaoth **ag teacht aniar**, cén treo as a dtagann sí?
Tá an ghaoth ag teacht ón iarthar, is é sin tá sí ag teacht aniar, nó ag dul soir.

III. Má tá an ghaoth **ag teacht aduaidh**, cén treo as a dtagann sí?
Tá an ghaoth ag teacht ón tuaisceart agus ag dul ó dheas.

IV. Má tá an ghaoth **ag teacht aneas**, cén treo as a dtagann sí?
Tá an ghaoth ag teacht ón deisceart agus ag dul ó thuaidh.

V. Má tá an ghaoth **ag dul siar**, cén treo ina bhfuil sí ag dul?
Tá an ghaoth ag dul i dtreo an iarthair, agus ag teacht ón oirthear, nó ag teacht anoir.

Ceist 3

Anocht	Ach anocht, tá sé geallta fuar, tirim i dtús na hoíche agus leathfaidh báisteach soir ansin ina dhiaidh sin agus tá flichshneachta agus sneachta geallta ar thalamh ard anocht. Beidh sé an-fhuar agus sioc crua geallta in áiteacha. Beidh an teocht is ísle idir dhá chéim agus céim faoi bhun an reophointe. Paistí leac

	oighir freisin geallta in áiteacha. Agus, beidh sé gaofar freisin san iarthar anocht agus gaoth fheannta ag séideadh aniar.
Amárach (ginearálta)	Amárach tá sé geallta scamallach agus tais ar chóstaí an iarthair. Glanfaidh sé beagán i lár tíre ar feadh scaithimh tráthnóna, ach go deimhin, tá báisteach geallta go forleathan, flichshneachta agus sneachta. I rith an lae amárach, beidh sé an-fhuar agus gaoth fheannta ag séideadh aniar agus goimh inti. Beidh an teocht tráthnóna idir cúig chéim agus seacht gcéim Celsius.
Amárach (i gcúige Uladh)	Tá sé geallta fuar agus tais i gcúige Uladh. Flichshneachta agus sneachta, fiú, geallta ar thalamh ard agus an teocht ag thart ar chúig chéim Celsius.
Amárach (i gcúige Laighin)	Ag fanacht fuar, tais i lár tíre. I gcúige Laighin, amárach, beidh an teocht i mBaile Átha Cliath ag sé chéim Celsius.
Amárach (i gcúige Mumhan)	I gcúige Mumhan, corrmhúr fánach ag titim le cósta agus an teocht i gCorcaigh ag ceithre chéim Celsius. An-fhuar agus fliuch ar chóstaí iardheisceart na tíre anois amárach agus flichshneachta freisin ag titim i gcorrspota
Amárach (i gcúige Chonnachta)	Beidh sé gaofar san iarthar agus fliuch agus fuar.

Ceist 4
Bail ó **Dhia** oraibh, a **chairde**, agus fáilte go scéal **na haimsire** anocht ar TG4. **Cuirfear** tús le séasúr nua turasóireachta in Árainn le *Tedfest*, bliain in Inis Mór, go gairid, ach idir seo agus sin, cúrsaí aimsire. Agus bhí tréimhsí geala **gréine** i scaláin anseo i mBaile na hAbhann, i gConamara inniu ag ceannáras TG4. Bhí sé fuar go maith tráthnóna agus corrmhúr fánach **caite** freisin i rith an lae inniu.

Ach anocht, tá sé geallta fuar, tirim i dtús **na hoíche** agus leathfaidh báisteach soir ansin ina **dhiaidh** sin agus tá flichshneachta agus sneachta geallta ar **thalamh** ard anocht. Beidh sé an-fhuar agus sioc crua geallta in áiteacha. Beidh an teocht is **ísle** idir dhá chéim agus céim faoi bhun an reophointe. Paistí leac oighir freisin geallta in áiteacha. Agus, beidh sé gaofar freisin san iarthar anocht agus gaoth **fheannta** ag séideadh aniar.

Ceist 5
Cuir: *cuirfear*
Leath: *leathfaidh*
Bí: *beidh*
Glan: *glanfaidh*

An chéad réimniú (leathan)	An chéad réimniú (caol)	An dara réimniú (leathan)	An dara réimniú (caol)
glanfaidh mé / tú / sé / sí glanfaimid glanfaidh sibh / siad glanfar	cuirfidh mé / tú / sé / sí cuirfimid cuirfidh sibh / siad cuirfear	*iompóidh mé / tú / sé / sí* *iompóimid* *iompóidh sibh / siad* *iompófar*	*baileoidh mé / tú / sé / sí* *baileoimid* *baileoidh sibh / siad* *baileofar*

Ceist 6
Is féidir leis na daltaí an obair seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Máiréad Ní Chuaig
Bail ó Dhia oraibh, a chairde, agus fáilte go scéal na haimsire anocht ar TG4. Cuirfear tús le séasúr nua turasóireachta in Árainn le *Tedfest*, bliain in Inis Mór, go gairid, ach idir seo agus sin, cúrsaí aimsire. Agus bhí tréimhsí geala gréine i scaláin {doiléir} anseo i mBaile na hAbhann, i gConamara inniu ag ceannáras TG4. Bhí sé fuar go maith tráthnóna agus corrmhúr fánach caite freisin i rith an lae inniu.

Anocht
Ach anocht, tá sé geallta fuar, tirim i dtús na hoíche agus leathfaidh báisteach soir ansin ina dhiaidh sin agus tá flichshneachta agus sneachta geallta ar thalamh ard anocht. Beidh sé an-fhuar agus sioc crua geallta in áiteacha. Beidh an teocht is ísle idir dhá chéim agus céim faoi bhun an reophointe. Paistí leac oighir freisin geallta in áiteacha. Agus, beidh sé gaofar freisin san iarthar anocht agus gaoth fheannta ag séideadh aniar.

Amárach
Amárach tá sé geallta scamallach agus tais ar chóstaí an iarthair. Glanfaidh sé beagán i lár tíre ar feadh scaithimh tráthnóna, ach go deimhin, tá báisteach geallta go forleathan, flichshneachta agus sneachta. I rith an lae amárach, beidh sé an-fhuar agus gaoth fheannta ag séideadh aniar agus goimh inti. Beidh an teocht tráthnóna idir cúig chéim agus seacht gcéim Celsius.

Súil anois ar chúrsaí aimsire mar atá geallta don lá amárach ag am lóin, agus tá sé geallta fuar agus tais i gcúige Uladh. Flichshneachta agus sneachta, fiú, geallta ar thalamh ard agus an teocht ag thart ar chúig chéim Celsius. Ag fanacht fuar, tais i lár tíre. I gcúige Laighin, amárach, beidh an teocht i mBaile Átha Cliath ag sé chéim Celsius. Agus i gcúige Mumhan, corrmhúr fánach ag titim le cósta agus an teocht i gCorcaigh ag ceithre chéim Celsius. An-fhuar agus fliuch ar chóstaí iardheisceart na tíre anois amárach agus flichshneachta freisin ag titim i gcorrspota agus beidh sé gaofar san iarthar agus fliuch agus fuar, a chairde.

Aimsir bhriste geallta anois as seo go ceann roinnt laethanta. Paistí leac oighir agus sioc crua geallta in áiteacha anocht agus arís maidin amárach agus tá gála geallta ansin ar an gCéadaoin amach ó chóstaí iardheisceart na tíre.

Sin a bhfuil faoi láthair ón Aimsir Láithreach. Uaimse, Mairéad, slán agus beannacht.